

COISTE COMHAIRLEACH UM POLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA

Túr an Chloig, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, BÁC 1

9 Nollaig 2019



AN M. OID. SAN OIDEACHAS LÁN-GHAEILGE AGUS GAELTACHTA: TUAIRISC CHUN DÁTA

1) LÍON NA MAC LÉINN AR AN gCLÁR

Bliain 1 (An M. Oid. San Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta 2019/2021)	
Líon na mac léinn cláraithe don bhliain 2019/2020	32
Líon na mac léinn maoinithe ag an ROS	30
Próifíl ranga:	
Ag leibhéal na bunscoile	21
Ag leibhéal na meánscoile	10
Ag an triú leibhéal	1
Post	
Príomhoide/Príomhoide Cúnta	10
Múinteoir ranga	21
Léachtóir	1
Comhthéacs Scoile	
Bunscoil Ghaeltachta	3
Gaelscoil	16
Iarbhunscoil Ghaeltachta	2
Gaelcholáiste	6
Aonad Lán-Ghaeilge	1
Iarbhunscoil Lán-Bhéarla	1
Bunscoil Lán-Bhéarla	1
Eile	2

Bliain 2 (An M. Oid. San Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta 2018/2020)	
Líon na mac léinn cláraithe don bhliain 2019/2020	18
Líon na mac léinn ag fágáil an chlár le <i>Teastas san Oideachas san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (30 ECTS)</i>	2
Líon na mac léinn a d'fhág	1
Líon na mac léinn ar saoire neamhláithreachta	2

2) AN STAIDÉAR FOLLASACH AR AN TEANGA

I mbliana arís, tá ról lárnach sa chlár ag baint leis an staidéar follasach ar an teanga a bhaineann go saineúil leis an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Glactar le prionsabail agus le cleachtais Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha in iarracht chun clár oideachais do mhúinteoirí tumoideachais, ar clár cothromaithe foghlama cumaisc é, a chruthú ina ndírítear ag an am céanna ar theagasc an ábhair agus ar theagasc na teanga/litearthachta. Cuirtear na prionsabail agus na cleachtais CEFRL sin in oiriúint, déantar iad a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm maidir le dearadh, forbairt agus seachadadh an chlár iarchéime hibridigh seo chun cur ar chumas rannpháirtithe a stór teangeolaíoch (thar gach scil) a leathnú agus caighdeán Leibhéal 1 CEFRL a bhaint amach ar chríochnú an chlár dóibh. Cuimsítear leis an bplean seo na gníomhaíochtaí seo a leanas, agus gníomhaíochtaí eile nach iad:

- Tacaíocht riachtanais-bhunaithe agus sprioc-dhírthe (saintearmaíocht na teangeolaíochta agus saintearmaíocht an taighde)
- Comhdhálacha le rannpháirtithe go rialta fad is a bheidh an clár ar siúl chun cuidiú leo plean inniúlachta a fhorbairt le haghaidh na Gaeilge thar gach inniúlacht teanga
- Ríomhphunann teanga a choiméad chun deis a thabhairt do rannpháirtithe éirí níos feasaí ar a n-inniúlacht i nGaeilge, ról na hinniúlachta chun an Ghaeilge a theagasc, agus ról na hinniúlachta chun ábhar a theagasc trí Ghaeilge

3) FEACHTAS BOLSCAIREACHTA/MARGAÍOCHTA & PLEANÁLA DO 2020/2021

Trí tharraingt ar an saineolas atá ag an bhFoireann Cumarsáide Corparáidí agus Margaíochta atá ag feidhmiú le fada an lá i gColáiste Mhuire gan Smál agus trí oibriú i ndlúthchomhar le Bainisteoir an Chláir, le Déan an Oideachais agus leis an Údarás Conarthachta, déanfar dianstraitéis mhargaíochta agus chumarsáide do chlár an M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don bhliain 2019/2020. Cuimseofar leis an straitéis seo na gníomhaíochtaí seo a leanas, agus gníomhaíochtaí eile nach iad:

- Leathanach tiomnaithe, as Gaeilge, don chlár a fhoilsiú sa chuid iarchéime de www.mic.ie ina soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas: Réamhrá/físeán eolais le Bainisteoir an Chláir; Ábhar an Chláir; Riachtanais iontrála (mar aon le faisnéis shonrach a bhaineann le fianaise ar Leibhéal B1 ar CEFRL [úsáideoir neamhspleách])

a bhaint amach sna hinniúlachtaí Gaeilge ar fad); Conas iarratas a dhéanamh agus faisnéis faoin spriocdháta; Cuir ceist (fóram poiblí ina ndéanann daoine a bhfuil spéis acu sa chlár ceist a chur isteach agus bíonn an cheist agus an freagra le feiceáil go poiblí). Tá leathanach gréasáin comhchosúil le feiceáil [anseo](#)

- Bileog an chláir a scaipeadh ar eagraíochtaí ábhartha ar ríomhphost, mar shampla COGG; Foras Pátrúnachta na Scoileanna LánGhaeilge Teo.; ASTI; CPSMA; INTO; IPPN; NAPD; [an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí](#); [an Chomhairle Mhúinteoireachta](#); [Concos](#); [Foras na Gaeilge](#); [Údarás na Gaeltachta](#)
- Foilseofar fógraí don chlár i bhfoilseacháin cheirde ábhartha agus ar láithreáin ghréasáin amhail *InTouch*, *Leadership* + agus *ASTIR*
- Tabharfar faoi fheachtas fógraíochta ar líne freisin le Google AdWords agus fógraí ar LinkedIn agus ar Facebook, ag díriú ar chohóirt agus ar réigiúin ar leith, mar aon le fógraí ar láithreáin le heagraíochtaí ábhartha amhail Tuairisc / Foras na Gaeilge / Education Careers srl.
- Cuimseofar an clár nua seo i ngach gníomhaíocht mhargaíochta iarchéime eile atá ar siúl amhail iad seo a leanas: eolas i Réamheolaire Iarchéime CMgS; eolas ar aip CMgS (atá saor le híoslódáil); ríomhphost míosúil a sheoltar chuig bunachar sonraí 75,000 iarratasóir féideartha trí [Mocks.ie](#); ríomhphoist mhíosúla a sheoltar chuig na mic léinn ar fad in CMgS (5,000 mac léinn); eolas ar fáil i gclinicí míosúla ‘buail isteach’ maidir le cúrsaí iarchéime a bhíonn á reáchtáil ag Scoil Taighde agus Iarchéime CMgS; nuashonruithe laethúla, seachtainiúla agus míosúla ar an gclár a scaipeadh ar Twitter, LinkedIn agus Facebook; eolas i bhfógra i riocht nuachta agus i bhfógra ábhair ghinearálta i bhforlíontaí iarchéime in *The Irish Times*, *Irish Independent* agus *Irish Examiner*
- Mar aon leis na gníomhaíochtaí margáíochta atá ainmnithe thuas, tabharfar faoi straitéis chumarsáide mhór ina dtabharfar léargas ar aidhmeanna an chláir nua le preasráitis, eisiúintí físe, blaganna, agallaimh spriocdhírith le Bainisteoir an Chláir. Scaipfead iad sin ar eagraíochtaí meán cumarsáide amhail Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life 106.4 FM, Raidió Rí-Rá, TG4, Nuacht.com, Nuacht RTÉ, *The Irish Times* (ailt as Gaeilge), Tuairisc.ie
- Beidh ról mór ag na meáin shóisialta sa straitéis seo, agus scaipfead go rialta príomhtheachtaireachtaí agus príomhaidhmeanna an chláir ar ardáin na meán sóisialta ar fad a bhíonn in úsáid ag CMgS (leanann breis is 30K úsáideoir na meáin shóisialta sin faoi láthair). Bainfead leas as na meáin shóisialta, Twitter go sonrach, chun an clár seo a chur chun cinn i measc eagraíochtaí ábhartha.